Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**15946/23**

**AGRI 742**
**AGRIFIN 144**
**FIN 1236**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil speisialta Uimh. 23/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Athstruchtúrú agus plandáil fíonghort san Aontas Eorpach: Tionchar doiléir ar an iomaíochas agus is beag d’uaillmhian chomhshaoil atá ann<br>- *Dréachtchonclúidí ón gComhairle a fhormheas* |

1. Thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an Talmhaíocht (Meitheal Agrifin) scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil speisialta thuasluaite i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna conclúidí a ghlac an Chomhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí (7515/00 + COR 1).

2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2023, phléigh Meitheal Agrifin an tuarascáil speisialta thuasluaite chomh maith leis na freagraí ón gCoimisiún ar an tuarascáil sin.

3. I bhfianaise an phlé sin, dhréachtaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí (15400/23) agus chuir sí faoi bhráid na dtoscaireachtaí iad le haghaidh comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn. Bunaithe ar na barúlacha a fuarthas, leasaigh an Uachtaránacht na dréachtchonclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, agus chuir sí i láthair iad ag an gcruinniú a bhí ag Agrifin an 1 Nollaig. Bhí glacadh leis na dréachtchonclúidí leasaithe i measc na dtoscaireachtaí.

4. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, leis seo, a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas mar mhír 'A' ag seisiún a bheidh aici amach anseo.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Na Dréacht-Chonclúidí críochnaitheacha ón gComhairle</u>**

**Tuarascáil speisialta Uimh. 23/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***'Athstruchtúrú agus plandáil fíonghort san Aontas Eorpach: Tionchar doiléir ar an iomaíochas agus is beag d'uaillmhian chomhshaoil atá ann'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2023 ón gCúirt dar teideal '*Athstruchtúrú agus plandáil fíonghort san Aontas Eorpach: Tionchar doiléir ar an iomaíochas agus is beag d'uaillmhian chomhshaoil atá ann'*, lena scrúdaítear ar cé chomh cabhrach a bhí an beart athstruchtúraithe agus athchóirithe ('an beart') agus an scéim údarúcháin um plandú i dtaobh saothraithe fíniúna a dhéanamh ('an scéim') níos iomaíche, agus táirgeadh fíona a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

2. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT, mar a tugadh faoi deara sa Tuarascáil Speisialta ón gCúirt, gurb é an tAontas — ina bhfuil 2.2 milliún gabháltas fíniúnacha ann a chuimsigh thart ar 2 % de limistéar talmhaíochta an Aontais a úsáidtear (46 % d'iomlán an domhain) agus arb ionann é agus 7.5 % de luach táirgthe talmhaíochta an Aontais — an táirgeoir is mó ar domhan (59 % d'iomlán an domhain), an tomhaltóir is mó ar domhan (48 % d'iomlán an domhain) agus an onnmhaireoir fíona is mó ar domhan (67 % d'iomlán an domhain);

3. CREIDEANN SÍ go gcuireann an beart ar chumas earnáil fíona na hEorpa uirlisí táirgthe nua-aimseartha a fhorbairt mar fhreagairt ar ionchais an mhargaidh agus ar iomaíocht idirnáisiúnta agus táirgí ar ardchaighdeán a sholáthar do thomhaltóirí; CREIDEANN SÍ FREISIN go gcuireann an scéim uirlis iomchuí dhinimiciúil ar fáil d'fhás rialaithe fhíonghoirt an Aontais;

4. AONTAÍONN SÍ leis an gCoimisiún, i gcomparáid leis na sonraí a úsáideadh don tréimhse 2014-2022 mar bhonn don tuarascáil speisialta ón gCúirt, gur feabhas suntasach é an creat dlíthiúil nua, faoinar féidir idirghabhálacha earnála fíona a chur chun feidhme ón 1 Eanáir 2024 i gcomhréir leis na Pleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nua, ó thaobh na gcuspóirí atá á saothrú agus na módúlachtaí cur chun feidhme;

5. MEASANN SÍ go bhfuil an idirghabháil d’earnáil an fhíona in CBT don tréimhse 2023-2027 dírithe ar iomaíochas agus inbhuanaitheacht a mhéadú i ngach gné di (eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta) le cuspóirí foriomlána níos uaillmhianaí i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI go nglacann an Coimisiún Eorpach leis na moltaí ón gCúirt go bhféadfadh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh chun an beart agus an scéim a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr:

– soiléiriú a thabhairt ar a bhfuil i gceist le hiomaíochas tháirgeoirí fíona an Aontais,

– na Ballstáit a chur ar an eolas nuair nach gcuireann an beart go héifeachtach le cuspóir an iomaíochais, agus

– malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a éascú maidir le cur chun feidhme an bhirt agus na scéime;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin gur ghlac an Coimisiún le moltaí na Cúirte go bhféadfadh an Coimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh chun feabhas a chur ar chuspóir comhshaoil na hearnála fíona, i gcomhréir leis an uaillmhian ghinearálta maidir le Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) níos glaise a bhaint amach:

– measúnú a dhéanamh an iomchuí an cuspóir 5 % ar a laghad den liúntas fíona a chaitheamh ar chuspóirí aeráid agus comhshaoil,

– malartú dea-chleachtas a éascú agus torthaí an bhirt maidir le cosaint an chomhshaoil a scaipeadh,

– measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuaigh an scéim i gcion ar an gcomhshaol, agus

– na Ballstáit a chur ar an eolas nuair nach gcuireann an beart go héifeachtach le cuspóir an chomhshaoil.